# Oíche Airneáil i dTír Chonaill



Sraith altannaí as
''Guth agus Tuairim''

# *Oíche Airneáil i dTír Chonaill*

— Sraith altannaí as ''Guth agus Tuairim''

Eagarthóir:

## CONALL Ó DÓNAILL



CLÓ AN EARGAIL
CNOC A STOLAIRE
AN BUN BEAG.
LEITIR CEANAINN

An chéad chló 1986

© Cló an Eargail

Arna chló ag Donegal Democrat,
Béal Átha Seanaigh,
Contae Dhún na nGall.

# NÓTA

Ins an leabhar bheag seo tá sraith altannaí a foilsíodh idir 1979 agus 1984 in "Guth agus Tuairim", páipéar nuachta áitiúil in Iar-thuaisceart Thír Chonaill. Scríbhneoirí as an cheantar a chuir peann leo uilig agus baineann siad le saol na Gaeltachta seo, ins an tsean-am go h-áirithe. Bheireann siad pictiúr iontach maith dúinn den mhuintir a chuaigh romhainn agus an dóigh a raibh siad beo.

Fuair mé an smaoitiú don leabhar seo ó Noel Ó Fearraigh i Scoil Adhamhnáin ar an Luinnigh. Bhí Noel ag úsáid altannaí Gaeilge as "Guth agus Tuairim" mar chleachtú léimh dá chuid scoláirí. Ach tá súil agam go mbeidh an t-eagrán seo suimiúil ní amháin do pháistí scoile ach don phobal uilig—do achan duine a bhfuil meas aige ar ár dteanga dúchais. Tá an h-altannaí seo scríofa i nGaeilge s'againn féin—i nGaeilge Thír Chonaill, rud atá doiligh go leor a fháil i gcló sa lá atá inniú ann.

Tá mé fíor-bhuíoch do na scríbhneoirí—gan a saothar ní bheadh an leabhar seo ann. Tá mé buíoch do achan duine a chuidigh liom í a chur le chéile. Fuair mé cuidiú mór ó mo bheirt dearthǽir, Seán agus Éamonn agus ó Mhaitiú Ó Murchú. Thug Deaglán Ó Dochartaigh agus an "Derry People" cead domh cuid pictiúirí Oileán Thoraigh a úsáid. Dó Hilary, Caitlín agus Frederick agus achan duine eile a thug tacaíocht agus comhairle domh agus dó Cecil King agus na clódóirí, an "Donegal Democrat", Béal Átha Seanaigh, go raibh míle maith acu uilig.

Conall Ó Dónaill.

# CLÁR

| | |
|---|---|
| | *Leathanach* |
| Lá Aonaigh an tSamhraidh - Sean-Chrann Oileán an Iúir | 5 |
| Muintir na Rosann - Ferdia | 8 |
| An tAirneál - Sean-Chrann Oileán an Iúir | 12 |
| Mícheál a' Chorradáin - Séamus Ó Dónaill | 15 |
| Gaoth Dobhair i ndiaidh Cheann tSáile - Seán 'Ac Fhionnlaoich | 18 |
| Lá na Stations - Sean-Chrann Oileán an Iúir | 20 |
| Baint na Móna - Séamus Ó Dónaill | 23 |
| Sábháil na Móna - Séamus S. Ó Dónaill | 24 |
| Oileán Thoraigh - Bacach Bheinn Eibhne | 26 |
| An Ghaeilge agus léann ins na Rosa - Ferdia | 28 |
| An Conbhuaidh nó ''American Wake'' - Sean-Chrann Oileán an Iúir | 31 |
| Inis Meáin - Eileen Danny | 34 |
| Paidí Mhíchil Airt - Noel Ó Gallchóir | 37 |
| Léarscail - Iar-thuaisceart Thír Chonaill | 40 |

# Lá Aonaigh an tSamhraidh

"SEAN-CHRANN OILEÁN AN IÚIR"

Lá mór i saol na Rosann ba é lá aonaigh an tSamhraidh a bheadh ar an Chlochán Liath achan bhliain ar an 4ú lá de mhí Mheán an tSamhraidh. Ainneoin nár ordaigh dlí na tíre ná dlí na h-eaglaise ariamh gur la saoire poiblí nó eaglaise é, rinne bunadh na Rosann cinnte de go raibh sé 'na lá saoire acu-san ariamh anall. Níor chuala mé ariamh cad chuige gur roghnaíodh an lá seo thar laetha ar bith eile, ach creidim gur siocar gur lár an tSamhraidh a bhí ann agus mórán den obair déanta. Rud eile is dóigh, bhí an imirce go láidir sa taobh seo tíre 'san am agus ba é áit cruinnithe é ag aos óg na gceantracha, sula scaradh an imirce iad go ceann leath-bhliana. Leoga, is iomaí cleamhnas a rinneadh ar an aonach chéanna, agus mar a gcéanna is iomaí fear a chaill a chéad-searc. Bheifí ag caint ar aonach an tSamhraidh mí roimhe agus mí ina dhiaidh. "Caidé a bhí ann mar sin?" arsa tusa.

Ní raibh mórán — ach na sluaite daoine ag siúl aníos agus síos sráid an Chlocháin Léith agus gan fios acu caidé a thug ann iad. Deirtear nár chóir do dhuine dul chun aonaigh gan gnóithe, ach tá eagla orm nach raibh seo fíor ag aonach an tSamhraidh. Bhí, ar ndóigh, go leor sean-daoine a raibh a ngnóithe in aonaigh ach chuaigh an t-aos óg ar lorg spóirt. Bhí sé mar gach aonach eile ach go mbeadh i bhfad ní ba mhó mangairí ann ag iarraidh a gcuid earraí a dhíol, rud a bhí deacair go leor san am, nó bhí an t-airgead gann. Bheadh jobaraí an Tearmainn ann agus aolach bó míosa ar a mbróga. Bheadh lucht an tsean éadaigh as Doire ann. Bheadh fear na méaracán ann. Bheadh Ned Hanlon ag díol úllaí, an Dochtúir Dubh ag díol cógasaí, fear na aráthar, an "Bargain King" agus ar ndóighe fear an delph. B'iontach na daoine iad seo, achan duine acu ag scairtí i sean ard a chinn ag iarraidh an slua a chruinniú chuige féin. Ba dheas a leaganacha cainte fosta, mar an Bargain King: "Too late, too late, too late will be the cry, the Bargain King has passed by", agus fosta, "Is this an excursion from the poor house?" Is cuimhne liom fosta bheith i mo sheasamh ag stainnín sean-éadaigh lá agus fear an stainnín ag iarraidh bheith ag díol cóta mór le fear as Gaoth Dobhair. Ní raibh siad ag teacht ar an luach agus arsa fear an stainnín, "It's good value, and it's a good long one for the winter!" "Is the winter going to be that long?" arsa fear Ghaoth Dobhair. "Ah, come now", arsa fear an tsean éadaigh, "Bid me something". "I'll bid you goodbye", arsa mo dhuine agus ar shiúl leis. Bhí neart greann mar sin le clois agus leoga neart conairtheacha ar fáil. Dá mbeadh ocras ort gheobhfá do sháith le h-ithe dtigh Mhary Shéimí Sheáin nó dtigh Bhiddy Hughie ar scilling nó ocht bpingin déag. Gura slán leis na laetha sin, ní bheidh a leithéad

ann arís. Ag fear an delph a ba mhó bheadh scaifte—go mórmhór na mná. Bheadh sé sin ag díol achan chineál trealamh tí agus ag caitheamh in airde plátaí le taispeáint an "stuff" maith a bhí iontu. De ghnáth dá gceannofá leath dosaen plátaí nó babhail, nó cupaí chuireadh sé isteach ceann sa bhreis, mar a déarfadh sé féin "one for the cat". Is mór an mhéid a cheannódh £5 an t-am sin ach ní raibh mórán a raibh cúig phunta leo.

Ní raibh na tithe tabhairne folamh ach an oiread, agus leoga is iomaí fear óg ag tugadh scilling dó ag fágail an bhaile agus ar dúradh leis bheith cinnte agus gan gamhain a dhéanamh de féin ag ól. Ar ndóighe ní bheadh aonach an tSamhraidh ar bith maith muna ndéanfaí dornán troda agus ba iomaí sin babhta a troideadh ar shráid an Chlocháin Léith. Ba ann a dhéanfaí gach achrann a bhí ar siúl i rith na bliana a shocrú. Is iomaí fear a chuaigh abhaile agus an mhalaidh ar an tsúil aige! Ach fríd sin uilig bhain daoine sult as. Casadh cairde ar a chéile nár chas le bliain roimhe sin, nó ní raibh an gléas taistil nó an t-éirí amach ann an t-am sin agus atá anois. Bhí an lá seo leagtha amach ag daoine le castáil le na chéile agus ba náir' leo a chéile a ligint síos. D'ól siad braon, chaoin siad tamall, rinne siad a gcomhrá agus chan siad amhráin, agus an té nach raibh na h-amhráin aige cheannaigh sé bailéad ar phingin agus chuaigh i gcuideachta na cuideachta. Leoga is orthu a bheadh an brón nuair a thiocfadh an oíche agus an scarúint, nó bhí bliain mhór fhada eile rompu sul a gcasfaí ar a chéile iad sa chuideachta chéanna. Ach d'imigh sin agus tháinig seo agus níl le feiceáil anois ar shráid an Chlocháin Léith lá aonaigh an tSamhraidh ach stainnín amháin sean éadaigh agus corr sheanduine ag ceannacht bríste muilscin. D'imigh gach gné den tseansaol agus is boichte muid gan iad.



*Príomh-shráid an Chlocháin Léith ag tús an chéid.*



*Sean-Chrann Oileán an Iúir - Paidí Mac Gairbhéigh a rugadh agus a tógadh i Loch an Iúir. Tá sé ag obair ins an Roinn Leasa Shóisialaigh ar an Chlochán Liath. Scríobhann sé altannaí in irisí éagsúla, mar shampla, "An tUltach".*

# Muintir na Rosann

"FERDIA"

De réir na gcuntaisí is aosta atá againn bhí na Cruithigh go láidir in Oirthear Uladh ach ba iad Fir Bolg a ba treise ó Loch Feabhail siar. Sa chúigiú h-aois d'ionsaigh triúr mac le Niall na Naoi nGiallach iarthar Uladh agus roinn siad eatartha an ceantar—Inis Eoin agus an Lagan ag Eanna, seancheantar Ailí ag Eoin agus an taobh thiar de Loch Súilí agus na Cruacha Gorma ag Conall Gulban. Tugadh na Conallaigh ar na daoine a shíolraigh ó Chonall Gulban. Isteach ins an iarthar le h-airm Chonaill Gulban tháinig Conall Caolmhaire, manach a scaip an Chríostaíocht agus briathar Dé ar fud an iarthair ó phointe Luachrois go Dún Fhionnachaidh. Thóg Conall Caolmhaire mainistir ar Inis Caol, oileán ar chósta Phort Nua. Is é an t-ainm eaglasta go fóill ar pharóiste na nGleanntach ná paróiste Inis Caol. Deirtear gurbh iad Conall Caolmhaire agus a chuid manach a léigh Aifreann don chuallacht ban naofa a bhí ag Naomh Cróine ar an Tearmann. Rialaigh Cineál Chonaill iarthar Thír Chonaill ar feadh dhá chéad déag bliain suas go Briseadh Cheann tSáile.

Níl fianaise ceart go dtáinig na Lochlannaigh riamh chun na Rosann agus cha dtáinig na Normannaigh riamh ach an oiread. Sa tríú h-aois déag thug Dónall Óg Ó Dónaill anall as iarthar na h-Alban díorma de



*Paidí an Chóip agus scaifte oibreannaí taobh amuigh den Chóip.*

Chlann Mhic Suibhne chun cuidiú leis ceannas Thír Chonaill a dhaingniú. Shíolraigh na Gall-Óglaigh seo de Ghall-Ghaeil na n-oileán, slíocht na nGael a d'fhág Dál Riada in Aontroim i bhfad roimhe seo agus bhí cúrsaí troda agus cogaidh leo mar cheird agus mar dhúchas. Chuir seo tús le teacht na nGall-Óglach agus ar feadh trí chéad bliain ina dhiaidh sin bhí cuid eile daofa a chuaigh ar buanacht agus phós agus shocraigh síos sa cheantar, áit a bhfuil a sliocht flúirseach go fóill.

I ndiaidh Chath Cheann tSáile agus Cath na Bóinne b'iontach an meascán daoine a tháinig chun na Rosann. Bhí na Gaeil, Gall-Ghaeil, Albanaigh agus Sasanaigh, Gall-Óglaigh agus Plandóirí—daoine ó Flanders?—ag teacht agus cuireadh an sean saol socair suaimhneach bun os cionn—an saol suairc a bhí ag bunadh na Rosann fhad is a bhí siad leo féin, ag treabhadh agus ag iascaireacht, ag súgradh 's ag siamsa, ag amaidí agus ag airneál. Nuair a chaoinfí ar an Chruit an té a chaillfí ar an Chruach, thigeadh a ghaolta as gach cearn go n-ólfadh siad na sé deocha déaga ar a thórramh. Lig na dreamannaí éagsúla seo amach a racht ar a chéile agus bhris siad agus bhasc siad a chéile. Cothaíodh naimhdeas agus nimhneas idir chlanna a mhair ar feadh na gcianta. Maireann breithiúnas na ndreamanna seo ar a chéile i sean-fhocla agus i sean náthán na Rosann i., Dálaigh na mór-chúise, Baoillí beaga beadaí, Gallchóirí na gCípín dóite, agus Clann tSuibhne na Miodóg, Muintir Chnáimhsí na cnáimhseála agus muintir Shearcaigh na mbruideog, Muintir Fhearraigh na bpartán agus Clann Mhic Ailín na n-iongan, Clann Mhic a' Bhaird a' mhórtais agus Clann Mhic a' Bhaird a' chaointe.

Ach shocraigh na dreamannaí éagsúla síos. Stad an slad agus an ghadaíocht agus b'éigean dóibh slí bheath chrua a streachailt as leargáin sléibhe agus cladaí cadránta.

Tá muintir Dhubhtaigh ar na céad teaghlaigh a bhfuil tuairisc le fáil orthu ins na Rosa. Chónaí siad 'sna meán-aoiseanna ar thalamh na h-Eaglaise ar an Tearmann. Luaitear Naomh Dúigh le hAnagaire agus tá tobair Naomh Dúigh i gCoilchéim agus ba ghnáth turas 'bheith chun an tobair ar lá 'Fhéil' Mhuire san Fhómhar suas go dtí le gairid. I seanchas na ndaoine deirtear gur leigheasadh fear as baile Chiarraí ansin tá daichead bliain ó shin. Sandy Néill Shéamuis a ainm. Mhair muintir Uí Mhaonaigh, Uí Bhreisleáin agus Uí Mhaoilchiaráin fá Leitir Mhic a' Bhaird agus i ndeireadh na mean-aoiseanna, h-ainmníodh an ceantar as Clann Mhic a' Bhaird. Am amháin bhí ceannas na Rosann ag Clann Uí Bhaoill ach chungaíodh a gcuid gabhaltaisí le linn na nGall-Óglach agus díbríodh taobh theas den Ghaoth Bearra iad. Bhí ceannas na Rosann san 16ú aois ag Clann tSuibhne na dTuath.

De réir suirbhé 1834 ba Dálaigh 14% de mhuintir na Rosann, Gallchóirí 13% agus Baoillí 12%. Bhí Clann Uí Dhónaill láidir fá Árainn, Arlannaí, An Clochán Liath, Mín na Leice agus Rann na Feirste. Bhí na Gallchóirí fá iarthar Áranna agus fá Leitir. Bhí Clann Mhic a' Bhaird

go láidir fán dá cheantar sin fosta, Clann Mhic Ruairí fá íochtar na Rosann, Clann tSuibhne agus Clann Mhic Ailín fá iarthar na Rosann, Muintir Dhúigh in Anagaire, Muintir Uí Dhúgáin agus Uí Shearcaigh fá iochtar na Rosann, Muintir Uí Dhochartaigh ar an Chruit, Muintir Uí Anluain i gceantar na Cruaiche, Clann Mhic Grianna i Rann na Feirste, Muintir Chanainn, Uí Mhaoilia, Uí Bhreisleáin agus Clann Mhic Gaoithin i nGleann an Ghaoth Bearra. Bhí muintir Chnaimhsí fá na hArlannaí. Bhí suas le dhá thrian de bhunadh na Rosann faoi na sloinnte sin, ach bhí cuid mhaith sloinnte eile ann idir Ghaelach agus Albanach diomaite daofa sin. Chónaigh bunús na nAlbanach fán Phointe, Leitir, Tobhar Caoin, Machaire agus cúpla teaghlach in Árainn Mhór.

Amach ón laghdú a tháinig ar uimhir an bProtastúnach is beag nach mar sin atá na sloinnte rannta ins na Rosa go fóill taobh amuigh de eisceacht amháin, sé sin Oileán Áranna. Mar thoradh ar an imirce séasúrtha chuig na prátaí i Albain agus an ceangal a bhí ag muintir Áranna le muintir Mhaigh Eó a lean den obair seo fosta, obair na bprátaí, bhí a lán póstaíochta idir an dá dhream rud a d'fhág sloinnte mar Ó h-Eadhra, Mac an Rí, Mac a' Ultaigh, Mac Gabhann agus tuilleadh coitianta go leor ar an oileán anois.

Is fada anois ó meascadh na ciníocha éagsúla a tháinig chun na Rosann leis na céadta bliain anall. Is cuma anois cár díobh iad, cá sloinne iad nó cárb as a dtáinig siad. Tá rud amháin acu uilig. Is ins na Rosa a rugadh agus a tógadh iad, is iontu atá cuimhne na muintire a chuaigh rompu. Is iontu atá a ndúchas.



*Scaifte as Anagaire blianta fada ó shin.*



*Muintir na Rosann.*



*Ferdia - Cathal Ó Baoill as an Chlochán Liath. Iar-oide scoile a theagasc in Árainn Mhór, An Clochán Liath, Mín a' Toiteáin, Mín na Márach agus Anagaire. Iontach gníomhach i gCumann Slat Iascaireachta na Rosann. Scríobhann don "Ultach" fosta.*

# An tAirneál

## SEAN-CHRANN OILEÁN AN IÚIR

Nach bocht an rud a d'éirigh don airneál, agus leoga don chuartaíocht dá n-abróinn é, agus nach mór an trua a n-imeacht. Lena n-imeacht d'imigh an scéalaíocht, an ceol, na paidreacha, an comhrá agus an carthanas. Ní bheidh a leithéid ann arís! Tá go leor ráite fán teilifís, an raidió agus na nuachtáin gur iad is ciontaí le deireadh a chur leis an airneál, ach sílim nach bhfuil an locht go hiomlán orthu. 'Sé mo bharúil gur an t-athrú a tháinig ar na daoine féin a chur deireadh le nósanna an tseansaoil. Mheas siad go raibh sé sean-aimseartha, nach raibh ciall leis agus gurbh fhearr gan é agus na daoine óga atá ag éirí aníos anois níl a fhios acu caidé an rud airneál. Ach ní locht sin orthu nó ní fhaca siad ariamh é ar an tseandéanamh. Níl dochar mar sin spléachadh a thabhairt daofa ar an chaitheamh aimsire a bhí i ngach ceantar Gaeltachta fadó.

Creidim nach raibh baile ar bith nach raibh tithe airneáil speisialta ann, gan trácht ar mhionairneáil chóir a bheith i ngach teach ar fud an bhaile. Is ar an teach airneáil speisialta a tharraingeoidh muid scéal.

Le clapsholas bheadh na seandaoine a raibh an seanchas, an ceol, an comhrá acu ag tarraingt ar an taobh seo agus iad ag coimhlint lena chéile le bheith ar tús nó ní raibh cathaoireacha go fairsing an t-am sin agus atá anois. Mar sin de ba é an té a bhí luath a fuair an áit agus an suíochan ab fhearr agus is minic a bhí ar na "Paddy come-lates" gnóithe a dhéanamh suí ar thóin cléibh ag an doras druidte. Bheadh craos nó go minic morc tine ar an teallach, fear an tí 'na shuí sa chlúdaí agus an tseanbhan sa leabaí a bheadh de shíoraí i gcoirnéal na cistine. Ní raibh siad buartha fá dhóú 'units' an t-am sin nó ní raibh de ghléas solais acu ach an "single burner" a bhí crochta ar thaobh an bhalla. Bhí dallóg ar an fhuinneog, bhí an teach te teolaí, an madadh agus a cheann ina chamus ar leic na tine agus toit na bpíopaí mar cheo draíochta ar an chomhluadar. Bhí gach rud réidh do oíche comhrá.

Bhí ar ndóigh caint ar an aimsir, na barraí, eallach, bastaíochta agus mion-chomhrá go leor eile. Nuair a thiocfadh tost sa chomhrá agus bhí deireadh ráite fá rudaí chomhair baile, chluinfeá seanduine éigin "Bhail, bhí mé féin bliain amháin ag obair taobh amuigh de Bhroxburn, ag tanadh turnips, mé féin agus fear as an Mhachaire thiar anseo..." Agus ba sin tús scéal mór fada fá shaol nó eachtra éigin a tharla in Albain. Ba ealaíonta an dóigh arb' fhéidir leo an scéal a aithris. Cúpla abairt, cúpla smailc as an phíopa agus seileog a chaitheadh sa luath ó bhun an urláir. Bhí éisteacht mhaith le fáil ag an scéalaí agus ní chuirfí isteach nó amach air fhad agus bhí sé ag caint. Nuair a bheadh an scéal críochnaithe dhéanfaí caibidil air agus ansin bhí an dara fear ar obair. "Bheir sin i mo cheann a t-am a bhí mé féin i gCealsaí..." agus bhí scéal breá



*Oíche Airneáil i dTír Chonaill.*

eile le clois fá shaol na hAlban. Bhí ar ndóigh go leor ina measc nach raibh an oiread sin eolais acu ar an choigríoch ach a raibh scéalaíocht na Féinne, scéalta taibhsí, dánta diaga, seanphaidreacha, tomhaiseannaí, &rl. ar bharr a dteanga acu nuair a thiocfadh an comhrá fhad leo.

De ghnáth bheadh fear an tí ina scéalaí mhaith, nó credim gur sin an tuige a raibh an onóir seo aige go dtiocfaí a dh'airneáil chuige. Bhí ar ndóigh cúram eile air agus sin gan an tine a ligint síos, nó ba pháirt de atmásféar an airneáil an teas. Ba ghasta a rachadh oíche gheimhridh thart agus ba é an chéad rud a chluinfeá ó dhuine den chomhluadar, "tá sé an deich a chlog—tá am luí na bPéas ann." Is annamh duine acu seo a dhéanfadh airneál níos faidé ná an deich an chlog. Sórt tuigbheáil a bhí ann idir lucht airneáil. Bheadh fear an tí le lucht airneáil chun an dorais agus ansin bhí calantóireacht le déanamh ar an aimsir. Mhairfeadh an t-airneál ó thús an gheimhridh go lá Fhéile Pádraig. Ghlacfadh sé leabhar le cur síos ar airneál ina iomláine, nó tá ábhar leabhair de scéalta agus seanchas a fuarthas ón airneál.

Bhí an chuartaíocht go láidir fosta sa tseanaimsear agus ba a bhí anseo cuairt lae de ghnáth tráthnóna Dé Domhnaigh. Ocáid comhrá, scéalaíochta agus seanchais a bhí anseo fosta ach nach raibh sé chomh tíriúil leis an airneál. Ba na mná a ba mhó a bhí tugtha don chuartaíocht.

Ach anois níl airneál ná cuartaíocht againn agus má théid tú ar cuairt anois lá nó oíche is beag nach gcuirtear ceist ort caidé atá tú a' d'iarraidh. Ní dóigh liom go dtiocfaidh a léithéid ar ais nó ní thiocfadh leis an dream atá ann anois comhrá a dhéanamh níos faidé ná cúpla bomaite. D'imigh an tseandóigh sin leis an "single burner", an ghríosach, agus an soineantas.




*Buíon Cheoil Loch an Iúir cúpla bliain ó shin (tríú duine ó chlé, ar cúl, tá Paidí Mac Gairbheigh—Sean-Chrann Oileán an Iúir.*

# Mícheál a' Chorradáin

SÉAMUS S. Ó DÓNAILL

Fear siúil a bhí a Mícheál a' Chorradáin a bhí ag taisteál na Rosa ó 1859 go dtí 1909, sé sin caoga bliain. Amach aníos as Ciarraí a tháinig sé agus fear óg, cliste, láidir a bhí ann nuair a tháinig sé chun na Rosann ar tús. Chuaigh an scéal amach nach raibh sé ró -shocair sa cheann, agus b'fhéidir nach raibh mar deirtí fosta gur bean a loic air agus gur fhág sin beagán mearaí air. Go dearfa dá bhfeicfeá é gan bróg, gan stoca ag siúl ó theach go teach b'fhurast a fheiceáil nach raibh oiread céille aige le duine eile.

Ach ma bhí rud beag díchéille air bhí sé 'na sheanchaí bhreá. Bhí neart scéal aige, bhí ceol binn aige, agus thiocfadh leis amhrán a chumadh 'fhad agus bhéifeá a gabháil thart ar an teach. Mar sin de fuair sé fáilte mhór ó na daoine in achan teach ins na Rosaibh. Chruinneodh na daoine isteach ins an oíche chuige agus chaitheadh an oíche go h-aoibhneach ag inse scéil agus ag gabháil ceoil. Ba ghnáth le Mícheál bata maith trom a iompar i gcónaí agus dá gcuirfí fearg air ní bhéadh sé i bhfad ag glanadh amach as an teach na daoine a thigheadh isteach ag airneál chuige. Oíche amháin bhí sí i dteach Shéamais Mhóir i Mín na Croise. Bhí scaifte mór istigh agus Mícheál ar obair ag gabháil ceoil agus ag inse scéal rith na h-oíche. Anois os coinne dorais tigh Shéamais agus cupla slat ó thaobh an tigh bhí sruthán ag teacht anuas. Bhí an t-uisce ag rith anuas fríd díog fhoscailte agus bruacha an tsrutháin déanta de chlocha. I lár amhrán Mhícheáil chaith buachaill beag cleasach dartán suas air ins an choirnéal. D'éirigh Mícheál leis an bhata agus i mbomaite amháin bhí na buachaillí óga uilig amuigh aige. Ach leis an rása níor smaoitigh duine ar bith ar an díog a bhí os coinne an dorais. Thit an chéad mhuintir isteach agus leagadh an bunadh eile trasna orthu. Nuair a tháinig Mícheál chomh fada leis an díog bhí siad uilig ar shiúl ach fear amháin. Bheir sé ar an fhear sin agus thóg sé amach as an díog é.

"Ó, a dhearthráir", arsa Mícheál ag déanamh truaighe dó, "bhfuil tú gortaithe?" "Á, níl", arsa an fear eile. "Maise", arsa Mícheál, ag tabhairt an bhata anuas ar a dhroim, "Mura bhfuil, beidh".

Nuair a bhí mo mháthair ina girseach thigeadh Mícheál go teach Mhicí Mhícheáil go minic i mBaile an Mhuilinn. Ba ghnath leis suí sa choirneál mar bhí sé ag éirigh aosta san am agus ní raibh acmhainn fuaicht aige. Bhéadh na páistí ag caitheamh prátaí beaga agus dartáin air ar son grinn. Chuireadh Mícheál brothladh orthu agus bheireadh sé iarraidh ar a bhata. Ba é sin an spórt ag na páistí agus iad ag rith 'na scaiftí ón doras.

Is iomaí scéal a d'inis Maigí Shéamais (seanbhean atá ar shlua na marbh) domsa fa dtaobh dó. Seo ceann acu:

Bhí táilliúir sna Rosa a rinne culaith úr éadaí 'fhear ar chúig phunta.

Ní raibh cuma ar an fhear go raibh sé ar intinn aige díol ar son a chulaithe. D'éirigh an táilliúir imníoch agus d'iarr sé comhairle ar Mhícheál caidé ba cheart dó dhéanamh. ''Gabh chuige'', arsa Mícheál, ''agus abair leis'':

''A Mhic Thaidhg na bpuntaí, tabhair domh mo chuid puntaí nó cuirfidh an diabhal sa tsluc thú, agus bhéarfaidh sé an 'defunk' duit!'' Bhí ainmneacha ar na bailte fearainn ag Mícheál chomh maith de réir mar a shásaigh a muintir é:


''Bun a' Mhuilinn na Sceallán'', a deireadh sé, ''Cloch Ghlas gan tine gan teas'' (bhí an mhóin gann ansin). Muintir na Cruite nach dtabharfadh na craicne do bhacaigh Shíol Andaí. (Is cosúil go raibh muintir na Cruite teanndornach).

Bhí máistir scoile ar an Chéideadh a raibh 'John the Master' mar ainm air. An lá seo is cosúil gur ghearr sé é féin nuair a bhí sé a bhearradh féin. Casadh Mícheál air ar a bhealach 'na scoile. Arsa John i mBéarla:

''Michael Corradan the devil's burden''.

Arsa Mícheál a fhreagairt: ''John the Master with the sticking plaster''.

I ndeireadh a shaoil ba ghnáth leis cloch a bhaic a chleachtadh. Cuireadh ceist air cad chuige a raibh sé fuar i gcónaí; arsa Mícheál i mBéarla, ''For the want of a bride, for to lie by my side''. Mar a chonaic muid san eachtra sin idir é agus John the Master bhí an Béarla ag Mícheál chomh maith leis an Ghaeilge, agus bhí rann Béarla aige ar a thoil. Seo ceann acu fá bhuachaillí na nArlannaí: ''Arlands pups with their eyes o'er their heads, blowing up the fire for the boxty bread''.



*Mícheál a' Chorradáin.*



*Séamus Ó Dónaill as Mín Beannaid, iar-mhúinteoir scoile. Theagasc sé i Ráth Mealtáin, Killycrean agus Droim Conrach. Fear mór seanchais agus fear atá dílis ó chroí don Ghaeilge.*

# Gaoth Dobhair indiaidh Cheann tSáile

SEÁN 'AC FHIONNLAOICH

(Johnny Mhicí Thaidhg as Gabhla, atá ar shlua na marbh.)

Ní raibh pobal mór daoine i nGaoth Dobhair roimh bhriseadh Cheann tSáile agus na dreamanna a bhí scaptha fríd an pharóiste ó na cladaí suas go dtí na gleanntáin shléibhe agus amuigh ar na h-oileáin bhí saol sócúlach agus pléisiúrtha go leor acu. Ní raibh anás mór ar bith orthu mar bhí neart bí acu ar bheagán saothar, ón fharraige, ó na barraí a shaothraigh siad agus ón stoc. Ach tar éis plandáil Uladh tháinig athrú ar an athrú, tharraing slua mór de chlanna éagsúla go dtí 'n pharóiste. Gaeil a díbríodh as a gcuid tailte fán Lagán agus 'fhad ar shiúl le Tír Eoghain agus Ard Macha. Ní tháinig plandoirí ar bith, ní raibh meas ag a léithéidí ar thalamh shléibhe nó ar chaorán nó leoga ar an talamh gainimh atá ina rith cois cladaigh ins an pharóiste. Tháinig buíonta de dhíthreabhaigh bhochta anoir fríd na tuatha agus isteach bealach na gcnoc. B'éigean do na seantreabhanna a raibh a sinsear ansin leis na cianta, brú siar agus fairsinge a dhéanamh dóibh agus a gcuid de mhaoin an tsaoil a roinnt leo, deileoir agus eile mar bhí sé.

Ach má bhí an taobh seo tíre ró-bhocht agus ró-dheileoir le plandoirí a mhealladh chuici, níor chuir sin bac ar an Ghall é a roinnt ar lucht airm nach bhfuair pá, ar chairde an rí, ar bhodaigh mhóra nach bhfaca an pharóiste ariamh agus ar lucht banríona a bhí fairsing i measc tiarnaí Ghaelacha. Ó seo amach bhí tiarnaí idir Ghaill agus Ghaeil i seilbh an talaimh agus cead acu ainchíos a dhiúl as na créatúir bhochta idir shean agus úr a raibh sé crua orthu corp agus anam a choinneáil le chéile. Ba iad seo na créatúir bhochta a mheas an Gall a bheith comh fianta sin nach raibh aird acu ar Dhia, ar dhlí nó ar dhuine. Ba bheag de thalamh na paróiste a fágadh gan roinnt. Bronnadh Machaire Gathlán agus Machaire Chlochair ar Éilís Ní Chú Uladh (Ní Pheatain sul ar pósadh í), baintreach Phrotastúnach, tuairim ar 450 acraí ar chíos bliana £16.00; Glaiseach agus Bun an Inbhir ar Liam Dutton, Protastúnach, thart fá 103 acraí ar chíos £4.00; An Charraic agus leath cheathrú talaimh i nDobhar ar Thomas Dutton, mac agus oidhre de Ralph Dutton, Protastúnach, 108 acraí ar chíos £1.00; ceathrú talaimh i nDobhar de oidhrí an Chaptaen Ralph Sanford, Protastúnach ach amháin Mullrany O'Kerrall, Caitliceach, 134 acraí ar chíos £1.00; do na daoine céanna ceathrú talaimh ar an Luinnigh, 140 acraí ar chíos £1.00 agus leath cheathrú i nDún Luíche, 170 acraí ar chíos 50p; do Dhonncha Óg Mac Suibhne, fear bainríona agus Caitliceach, 53 acraí i nDobhar ar chíos

£1.50 agus don Choirneál Maolmuire Mac Suibhne, Caitliceach agus fear bainríona, 120 acraí i nDún Luíche ar chíos £3.00.

Bhí cuid don roinnt ina thalamh oibre, cuid eile ina phortach, tuilleadh ina charraiceacha, beagán ina choillte agus an fuílleach ina mhéilte. Ach níor chuir an t-anró, an cruatan, an t-ocras nó an talamh gortach bac ar na díthreabhaigh. Lean siad leo ag teacht, tháinig baicle mhór i ndiaidh Scarbh Sholais, tuilleadh i ndiaidh plandáil Chromáil agus an slua mór deireanach i ndiaidh Briseadh na Bóinne. Bocht agus eile mar bhí an pobal idir shean agus úr, níor chuir an saol taobh amuigh isteach ró-throm orthu. Mheasc siad le chéile, phós siad fríd a chéile, lean siad don bhuailteachas Samhraidh agus na tiarnaí a bhí orthu ba bheag iarracht a rinne siad an cíos a thógáil. Ní raibh ach beagán talaimh ag gach tiarna, giotaí de chúpla baile fearainn agus ní fhéadfadh siad stiobhárd a fháil a thógadh an cíos.

Tháinig George Hill chun na paróiste agus chuir seisean athrú ar an athrú. Ón mhéid eolais atá le fáil ó leabhair agus ó sheanchas bhí muintir Ghaoth Dobhair ins an seachtú agus ochtú céad déag, iontach bocht ach sona sásta agus cráifeach ina ndóigh féin agus socair suaimhneach ach nuair a bhainfí astu é. Bhí nádúr maorga, meidhreach, neamhspléach agus intleachtach acu, iad múinte, macánta ach cróga agus calma agus de réir an tseanchais bhí siad fial agus fairsing. Tháinig méadú mór ar an phobal daoine, ba iad teaghlaigh mhóra an gnáthrud agus i dtús an naoú céad déag bhí suas le 4,000 duine ins an pharóiste.



*Gaoth Dobhair i ndiaidh Cheann tSáile.*

# Lá na Stations

"SEAN-CHRANN OILEÁN AN IÚIR"

Bhí laetha móra i gcónaí i saol mhuintir na Gaeltachta agus ba 'lá na stations' ceann acu sin. Nuair a thigeadh sé go dtí an t-am de bhliain (agus ba sin dhá uair sa bhliain), bheadh cluas le héisteacht ar achan duine ag Aifreann an Domhnaigh le cluinstin cá raibh na stations le bheith ar a mbaile fearainn féin. Leoga, b'iomaí uair a bhí eagla ar dhaoine go scairtfeadh na 'stations' acu, ach 'na dhiaidh sin is eile, ba mhór an onóir agus an bheannacht an t-Aifreann Naofa á léamh faoi dhíon do thí.

Bhí, ar ndóigh, costas leis fosta nó ní raibh na tithe an t-am sin mar atá anois. An té a scairteadh na 'stations' chuige, bhí air nithe go leor a cheannacht leis na comharsana a choinneáil ó chaint, nó is eagal liom le cois a bheith ag déanamh a n-anama, go raibh neart cúlchainte fosta an lá sin. Ar scór ar bith, bhí an teach le 'white-washáil' amuigh agus istigh le haol breá balla as Loch an Iúir. Bhí na doirse uilig le péinteáil. Bhí an simleár le glanadh agus scraith ghlas le cur ar an carn aoiligh má bhí sé cóngarach don doras. Chaithfí gaineamh a chur ar an tsráid agus ar an chabhsa. Bhí bairille beag nó buidéilí móra le líonadh le h-uisce fá choinne a choisreachadh. Ba é seo an réamhobair, roimh an lá mór.

Ar maidin lá na stations, bheadh bunadh an tí 'na suí leis an tóinghealaí, tinte thíos acu, an bord leagtha sa tseomra don bhricfeasta a bheadh indiaidh an Aifrinn. Roimh an naoi a chlog, bhí corrdhuine ag tarraingt ar an teach, agus leoga, ba chonfach, cholgach a mbunús gan a gcuid tae nó, ar ndóigh, bhí troscadh ón mheán-oíche an t-am sin. Sul a dtiocfadh na sagairt (beirt de ghnáth), bheadh an teach bog lán agus an gleo cainte ag cur ceo ar do chluasa. Ach a' dá luath 's a tháinig na sagairt, stad an chaint agus ní raibh le clos anois ach guíodóireacht agus trup na gcorónacha Muire. Ní fhaca tú ariamh naomh a bhí inchurtha leo. Dheanfaí an t-uisce a choisreacadh ar dtús agus sin an áit a mbeadh an brú agus an chlamhairt—achan duine ag iarraidh bheith ar tús ag an bhairille.

Rachadh na sagairt chuig na seomraí agus dhéanamh na daoine líne go dtí na doirse agus rachadh duine i ndiaidh duine isteach chuig faoistín. Is iomaí scéal atá inste fá na 'stations'. Chuaigh fear chuig faoistín 'sna Rosa agus chonaic sé dhá unsa tobac ag gobadh amach as póca an tsagairt agus shantaigh sé iad, agus é ar a ghlúine. "Ghoid mé dhá unsa tobac ó fhear", ar seisean. "Caithfaidh tú á dtabhairt dó arais", arsa an sagart. "Bhéarfaidh mé duitse iad", arsa an fear. "Ní ghlacfaidh mise é", arsa an sagart. "Tabhair dó fhéin é". "Thairg mé dó é", arsa an fear,



*Ag déanamh meascán ime fá choinne Lá na Stations.*

''ach ní ghlacfaidh sé é''. ''Tairg arís dó é'', arsa an sagart. ''Glac tusa é'', arsa an fear, ''Ní ghlacfaidh'', arsa an sagart. ''Bhail'', arsa an fear, ''thairg mé dhá uair dó é ach ní ghlacfadh sé é''. ''Bhail, más sin mar atá, coinnigh fhéin é'', arsa an sagart.

Bhí fear eile a ghoid bó ach ba dhoiligh leis an scéal a inse ina iomláine. ''Ghoid mé rópa'', ar seisean. ''Bhail'', arsa an sagart, ''ní coir mhillteanach sin ach an rópa a fhágáil ar ais''. ''Sea'', arsa an fear, ''ach bhí bó ar an cheann eile den rópa''. ''Tut, tut'', arsa an sagart, ''muna dtugann tú an bhó sin ar ais, nuair a gheobhaidh tú bás, beidh sí do thógáil ar a cuid adharca i bPurgadóir''.

''Cha bhíonn leoga'', arsa an fear, ''nó maoilín atá inti''.

Ach ar scór ar bith, nuair a bheadh an fhaoistin críochnaithe, rachadh an sagart óg amach ag freastal ar na seandaoine agus ar na daoine tinne sa bhaile agus rachadh sagart na paróiste i gceann an Aifrinn. Bheadh sin ann pobal cráifeach agus de ghnáth, níodh an sagart seanmóir fhóirsteanach don ócáid. Mheasfá le dearcadh ar an phobal sin nach ndéanfadh siad coir ar bith a choíche arís. Indiaidh an Aifrinn, bhí an tuarastal le cruinniú, airgead a bhí leagtha ar gach teach le riar do na sagairt sula dtáinig an córas úr. Leoga, is iomaí uair a bhí sé deacair an t-airgead sin a fháil (ach bhí dhá rud i gcónaí a dtearn na daoine cinnte go sabhálódh siad airgead fána gcoinne—tuarastal an tsagairt agus gearrthacha na comhairle contae). De réir mar a scairtí amach ainm cheann an teaghlaigh, d'fhágadh sé an t-airgead ar an tábla. Bhí an teach ag bánú de réir a chéile agus má bhí maidin fhuar ann, is iomaí seanduine a raibh an deor ar an ghaosán aige go bhfuair sé cupa an tae, a bhí ceilte air ón mheán-oíche roimhré.

Nuair a bheadh deireadh ar shiúl, rachadh na sagairt chuig a mbricfeasta agus is dóighe gur fearr dúinn á bhfágáil ansin fá shuaimhneas. Sna seanlaethe, deirtear go bhfanódh an sagairt fá theach na 'stations' go dtí an oíche.

# Baint na Móna

SÉAMUS S. Ó DÓNAILL

Míle altú do Dhia ar son na móna! Ach go bé an mhóin, caidé dhéanfadh na daoine bochta? Tá an portach fairsing agus má nímid dícheall ar bith ní bheidh againn le bheith ag ceannacht guail ó thíortha eile.

Seo meitheal ag gabháil 'un an phortaigh agus rachaimid leo go bhfeicimid i gceann oibre iad. Tá sleán agus spád leo. Seo anois an bachta. Tá mórán bachtaí ar fud an phortaigh seo, cuid acu a bhfuil ceithre fhód iontu agus tuilleadh acu nach bhfuil iontu ach beirt nó triúr de fhóide.

An bachta nach bhfuil ann ach fód amháin, ní mór ná gur fiú é a bhaint. Caidé 'tá an fear a' dhéanamh leis an spád? Tá sé ag lomadh an bhachta, ag baint na scrátha uachtaracha le fáil fhad leis an mhóin. Is iomaí spád a bhristear ag an obair chéanna sin i dtalamh neartraí. Líonfaidh agus cothromóidh na scrátha atá á gcaitheamh amach ar urlár an bhachta na poill agus na loganna agus beidh an t-urlár mar oitir don fhód íochtarach.

Tá an bachta lomtha anois agus tá na fir ag toiseacht a' bhaint na móna. Níl siad ag ligint am ar bith amú. An fear atá ag baint, deirimid go bhfuil sé ar an tsleán. An fear a bhfuil a chuid muinchillí cornaithe suas aige agus é ag cur amach na bhfód, deirimid go bhfuil sé sa pholl. Agus an fear atá ag scaipeadh na móna thart ar an oitir, deirimid go bhfuil sé ag sreathnú. Is minic beirt fhear ag sreathnú ar bhachta ceithre fhód. Is é an gnás é fear an tsleáin sealaíocht a dhéanamh leis na fir eile. Ar an dóigh sin ní bheidh fear an phoill ró-sháraithe i ndiaidh an lae.



*Ag baint móin spáide ar an Chorrmhín.*

# Sábháil na Móna

SÉAMUS S. Ó DÓNAILL

Anois, caidé a nítear leis an mhóin i ndiaidh a bainte? Tá, fágtar ansin í go dtig craiceann uirthi—go n-éiríonn an taobh amuigh de na fóide go measartha tirim. Chomh luath is tig craiceann uirthi, spréitear í agus scartar na fóide ó chéile. Obair ghéar mhaslach atá i sreathnú móna, go speisialta má tá sí caite i mullach a chéile.

Nuair atá an mhóin spréite, fágtar ansin í go raibh sí in innimh seasamh—go raibh sí tirim go leor le cróigeáin á dhéanamh di. An bhfaca tú daoine ag cróigeadh móna ariamh? Muna bhfaca, gabh 'na phortaigh sa tSamhradh agus cífidh tú go leor den obair sin. Má bhíonn an séasúr bog 'is gan an mhóin tirim go leor le cur 'na seasamh, níonn cuid de na daoine cróigeáin fuinneogacha di, nó níl sé maith á fágail ró-fhada ina luí.

Fágtar an mhóin sna cróigeáin go ceann seachtaine nó coicíse. Muna bhfuil uirthi ansin ach leaththriomú, nítear athchróigeáin dí. Níl sna athchróigeáin ach cróigeáin úra de na fóide céanna ach tá sé aisteach chomh gasta is thriomaíos siad. Cruinníonn cuid de na daoine an mhóin agus níonn clampaí nó cruacha beaga di amach as na cróigeáin.

Ach muna mbíonn sí gearrthirim, is fearr baigí a dhéanamh di sula gcruinnítear í. Bíonn cúig nó sé chróigeán sa bhaige. Dá mbéifeá fá na portaigh i dtrátha na Féil' Eoin, chífeá na daoine ag baigeadh na móna. Agus thabharfá fá deara go bhfuil aoibhneas orthu nó tá fhíos acu go bhfuil ábhar na tine thara' chontúirt anois agus má thig an t-anró roimh bhliain nach ag cloch a' bhaic a thoiseachas sé. Móin nach bhfuil ach cróigthe, ní sheasann sí. Ach má tá sí baigthe ar dóigh, ní bheidh a dhath de chaill uirti go ceann fada go leor. Sin agus uilig, is fearr le bunús na ndaoine clampaí nó cruacha a dhéanamh dí, agus tá sin ceart. Nuair a táthar ag déanamh cruaiche, caithfear an aile a dhéanamh go han-mhaith. An aile a tugtar ar na fóide fada atá ar an taobh amuigh de chruach nó de chlampa móna. Mura raibh na fóide leagtha ar a chéile ar dóigh agus an fána cheart a bheith leo, ghlacfadh an mhóin an t-uisce. Corr uair, cuirtear scrátha leathana ar bharr na cruaiche le díon a dhéanamh den mhullach.



*Sábháil na móna*

# Oileán Thoraigh

"BACACH BHEINN EIBHNE"

Radharc aoibhinn samhraidh agus radharc cianmhar geimhridh atá in Oileán Thoraigh le dearcadh amach air thar na naoi míle farraige atá idir é féin agus cuid cóstaí Thír Chonaill. Níl ann ach mar bheadh meall creige ann ós cionn an uisce agus níl na tithe beaga geala ach mar bheadh faoileoga ann ina suí air. Níl ann ach oileán beag—trí mhíle ar fad agus míle amháin ar leithead.

Dálta formhór na n-oileánach thart timpeall na hÉireann níl ar mhuintir Thoraigh ach gléas bocht beatha. Níl talamh ar bith acu ar fiú a oibriú; níl móin acu le h-aghaidh tine ach na túrtógaí garbha créafóige a thriomú agus a dhóú chomh maith agus a thig leo. Níl ach rud amháin acu a bhfuil siad cinnte de—iasc na farraige. Iascairí iontacha iad. Faigheann siad iasc nuair nach mbíonn uchtach ag bunadh an chladaigh drannadh leis an mhuir chaobhaigh. I rith seasúir na scadán bíonn na lampaí ar a gcuid bádaí le feiceáil ó oíche go maidin ag trillsiú mar bheadh réalta ann fá bhun na spéire. Níl de cheird acu ach í agus tá sé sí acu go maith.

Tá a dtír bheag féin ag muintir an oileáin. Tá a sagart féin acu, agus a máistir scoile féin, agus a ndlí féin, agus tá a Rí féin acu leis an dlí sin a chur i bhfeidhm.

Is iomaí rud suimiúl atá ar an oileán. Ón am a bhánaigh Naomh Colmcille na péistí de, ní fhacthas luchóg mhór air ariamh ó shin. Tá sé de bhua ag an chreáfóg nach mairfidh luchóg nó francach beo inti i bhfad, agus is annamh a théid aon duine as an mórthír isteach gan gráinnín dó a thabhairt leo amach leis na rudaí fuathmhara seo a choinneáil ar shiúl ó na gcuid tithe féin. Ach is suimiúil b'fhéidir ná rud ar bith eile cloch atá ansin i gceartlár an oileáin. Tá fíorbheagán daoine in uachtar Thír Chonaill nár chuala iomrá ar chloch Thoraigh. Is í an chloch sciath cosanta an oileáin ar olc agus ar urchóid an domhain agus tá sé ráite nach bhfuil dadaí nach gcuirfidh sí cosc leis má iompaítear ina éadan í. Níl ach fear amháin ar an oileán a bhfuil cead aige lámh a chur léithe. Níor chuala mé ariamh caidé chuir tús leis an phisreóg fán chloch ach duine ar bith a théann chun na h-áite ní mholfainn dó beagán a dhéanamh dena cumhacht i láthair na muintire ar leo í.

Ach is fiú do gach duine an turas a dhéanamh leis an oileán féin a fheiceáil. Bheirfidh sé tuairim duit níos fearr ná aon pháirt den Ghaeltacht caidé mar bhí Éire nuair a bhí an fíorghaelachas in uachtar. Tá sé beo i dToraigh go fóill mar a bhí ar fud na tíre seo tráth. Tá na seannósa céanna ag na daoine. Tá an fialas céanna iontu agus taobh amuigh den tsagart agus de mháistir na scoile bheadh sé crua ort leathdhosaen daoine a fháil a bheadh i ndán cúig bhomaite de chomhrá siosmaideach a dhéanamh i dteanga ar bith ach ina dteanga féin.



*Cois cladaigh, Oileán Thoraigh, tráthnóna stoirmiúil.*



*An Baile Thiar, Oileán Thoraigh.*

# An Ghaeilge agus Léann ins na Rosa

"FERDIA"

Sular foscladh na Scoltacha Náisiúnta ins na Rosa fuair na daoine a gcuid léinn ó sheanchas, ceol agus ó lucht siúil. Fuair corr-dhuine a chuid oideachais ó na múinteoirí siúil a bhíodh ag teagasc ins na tithe agus le linn na bpéindlíthe theagasc siad amuigh faoin aer in áit a bhféadfaí na Cótaí Dearga a fheiceáil ag teacht.

I dtús na 19ú aoise cuireadh ciste airgid ar bun le scoltacha a bhunú do na hAlbanaigh. Sa bhliain 1837 bhí cúig cinn de na scoltacha seo tógtha—Carraig Fhinn, Tobar Caoin, An Chlochán Liath, An Mhachaire agus Leitir. I 1841 dúradh go raibh 5% den phobal i ndán Béarla a léamh agus a scríobh. I 1857 bhí trí cinn déag de scoltacha náisiúnta tógtha ins na Rosa. Bhí seo mar thoradh ar Acht an Oideachais Náisiúnta a cuireadh fríd Pharlaimint Shasana i 1831. Tithe beaga ceanntí a ba na scoltacha seo, urlár de chréghorm nó de leacacha iontu, plástar de mhoirtéal ar chuid acu agus gan fairsinge iontu do leath na bpáistí a bhí ag freastal orthu. Scríobhadh na páistí le cosa píopaí ar sclátaí. Shuíodh siad ar shúgáin nó ar fhóide móna nuair a bhíodh tuirse orthu. Nuair a thigeadh lá deas ciúin sa tSamhradh scaoileadh an máistir na páistí 'na bhaile agus d'iarradh orthu a rá lena muintir theacht agus tuí a chur ar an scoil.

Múiríneach a ba ghnáth a chur mar thuí agus leoga ba iomaí uair a bhíodh deora anuas sa scoil. Tá cuntaisí go leor ag údáir na Rosann fá na scoltacha seo, go h-áirithe ag Séamas Mac Grianna i gCaisleáin Óir agus ag Fionn Mac Cumhaill i Maicín.

Instear scéal greannúr faoi údar clúiteach de chuid na Rosann, Peadar Ó Dónaill. Bhí sé ina mhúinteoir i dtús a shaoil agus é ag teagasc i bhfíor-



*Scoil Náisiúnta Mhín na Leice tuairim 1920.*




*An Máistir Scoile.*



*Traidhfil páistí as Scoil Cheann Caslach in 1982.*

drochfhoirgneamh sna Rosann. Bhí deora anuas sa scoil. Bhailigh Peadar na páistí isteach faoi scáth fearthainne a bhí ina láimh aige. Tháinig an cigire isteach. ''Is there a museum in this school?'' arsa an cigire go borb. Is cosúil gur leag na h-údaraisí léinn béim mhór ar sin san am. ''Níl'', arsa Peadar. ''There is no museum in this school, but the school should be the museum''. Is mór an t-athrú a tháinig ó shin.

Ba iad na leabharthaí a bhí in úsáid ins na scoltacha náisiúnta sin ná: First Book, Second Book, Sequels, Third Book, Fourth Book, Supplements and Fifth Book, ach ba bheag duine a chuaigh thar na Sequels. Ach ar feadh fada go leor ba mhór an fonn a bhí ar thuismitheoirí léann scoile a thabhairt do na gasúirí ná do ghirseachaí, mar gur gasúirí a ba mhó a bhí ag gabháil i mbun na h-imirce. Fíorbheagán de dháltaí móra a bhíodh ar scoil sa tSamhradh.

Tháinig an Béarla 'na Rosann leis na Plandóirí, trí chéad bliain ó shin ach ba bheag suim a chur an pobal ann. Tháinig sé céim ar aghaidh nuair a tógadh an baile cuain in Inis Mhic an Duirn agus chuidigh na ''coast guards'', R.I.C., na hOifigí Custaim agus na giollaí tiarna leis. Chuidigh fás an Chlocháin Léith leis fosta ach go mórmhór chuidigh an imirce agus na scoltacha náisiúnta le spréú an Bhéarla. Lena chois sin chuidigh damhsaí, siopaí, cruinníocha, páipéir, leabharthaí agus drochshampla na mbodach mór idir chléir agus thuataí leis. Seo mar a chuireas Niall Ó Dónaill ina leabhar iomráiteach ''Na Glúnta Rosannacha'' síos ar: ''Spréigh an Béarla as na bailte poirt agus as na bailte tráchtála. Tháinig seo go briotach as na hallaí agus as na beiriceacha, as na pancanna agus as na sráideanna. Tháinig an gramadach as na scoltacha, na mionnaí móra as tithe tabhairne na hAlban agus a chora cainte as na rincí a bhíodh ag na croisbhealtaí''.

# An Conbhuaidh nó "American Wake"

## "SEAN-CHRANN OILEÁN AN IÚIR"

Ba oíche mhór i gcónaí oíche an chonbhuaidh nó an "American Wake" mar a thugtaí air in áiteacha. Ba é sin an oíche sul a mbeadh imirce go Meiriceá. Is cuma cé acu duine amháin nó scaifte a bhí ag fágáil an bhaile bhí an comóradh seo le comhlíonadh. Leoga, ainneoin gur fiachadh le h-ócáid lúcháireach a dhéanamh de bhí an brón agus an buaireamh le mothú agus le tabhairt fá deara agus ba ghairid an gol ón gháire.

Bhí ar ndóigh neart le h-ithe agus le h-ól ar na h-ócáidí seo agus i dtaca le ceol agus damhsa, craic agus seanchas, ní raibh a shárú le fáil. Ba é ar ndóigh bunrúta na cuideachta seo uilig nó ag iarraidh bróin agus na briseadh croí a fholach. Ach mar bhriseas taisleach amach fríd pháipéar ar bhalla bhí an brón ag briseadh amach sa chuideachta de réir mar a bhí an oíche á caitheamh. Bhí achan duine ag iarraidh an t-ualach a thógáil don té a bhí ag déanamh na h-imirce. Bheadh an tseanlánúin de ghnáth ina suí sa chlúdaí ag éisteacht leis an chuideachta, aoibh gáire orthu nach raibh ag teacht óna gcroí, nó ba mhinic an deor ar an tsúil acu ago coimheád ar a leanbh a bheadh á bhfágáil ar béal maidne.

Caithfidh muid a chuimhniú go raibh Meiriceá i bhfad níos faide ar shiúl i súile na ndaoine an t-am sin nó mar atá anois, agus is maith a bhí fhios ag go leor de na seandaoine sin gur scaradh go bás a bhí ann. Níor bhac sin daobhtha féacháil leis an oíche fhada leadránach seo a chur isteach go pléisiúrtha mar b'fhéidir sin a dhéanamh ar ócáid de chineál.

Chaithfí bunús na h-oíche ag damhsa na Lancers, Cotillion, Sets, Maggie Pickens, an Highland agus go leor eile. Bhí ar ndóigh togha agus rogha ag an té a bhí ag imeacht agus gach duine den chuideachta i bhfáthach le cúrsa deireanach a bheith acu leis nó léi. Nuair a thiocfadh sos sa damhsa thosódh an ceol agus ba iomaí oíche chiúin shamhraidh a chualas "Paddy's Green Shamrock Shore" agus "My little grey home in the West" ag teacht trasna an chiúnais ó theach an chonbhuaidh.

Bhí sin ann ceoltóirí breátha a raibh an scil acu an t-amhrán a cheol

le chur leis an ócáid agus is beag grua thirim a bheadh sa teach nuair a bheadh an ceoltóir réidh. Más ceoltóir a bhí san imirceoir féin bhí sé de oibleagáid ar chúpla véarsa a cheol agus ba ansin a rachadh sé crua i gceart ar an athair agus an mháthair. Dhéanfaí ól agus ceol ach is cuma caidé chomh fada leis an oíche thiocfadh an mhaidin agus ba roimpi a bhí an eagla.

Nuair a rachadh an lá a ghlanadh agus a thoiseódh solas an lae a theacht isteach chuirfí dallógaí dubha ar na fuinneogaí le dall na mullóg a chuir orthu féin "nach raibh sé 'na lá na baol ar maidin". Ach ní choinneódh dallógaí dubha an lá ar gcúl agus sa deireadh thiocfadh dath liathbhán ar an lampa a bhíodh crochta ar thaobh an bhalla agus bhí maidin na h-imirce druidte leis an chomhluadar. Bhí deireadh leis an spórt agus an griollsa agus bhí smúid ar fud an tí. Bhí daoine ina suí agus a gcloigne crom acu agus iad ar tí scaradh le seanchara dá gcuid—b'fhéidir go deo na ndeor. Rachadh na fir amach fá na h-ardáin ag caint agus ag caitheamh tobac agus ba mhinic iad ag cardáil na dtréithe speisialta a bhí ag an té a bhí ag imeacht. Bhí sé de ghnás fosta ag an imirceoir dul amach ar an mhaidin sin agus cuairt deireanach a thabhairt ar na seanfhóide uilig agus slán a fhágáil ag "an ghleann inar tógadh mé".

I bhfad siar bhí sé de ghnás ag an chonbuaidh dul go bruach Loch an Ghainimh (soir ó Dhún Lúiche) ach ins na blianta deireanacha ba go dtí an stáisiún traenach a ba dheise daofa a rachadh siad. Is iomaí deor ghoirt a sileadh ar bhruach Loch an Ghainimh agus ar an phlatform ag Stáisiún Chroichlí agus Stáisiún Ghaoth Dobhair. Nuair a tháinig an scaradh ón teach ba choscartha an t-amharc é an t-athair agus an mháthair crochta ó mhac nó iníon i ngreimeanna crua cráite agus iad uilig ag gol go géar goirt. Ach bhí an t-am tagtha agus an scaradh ann agus d'imigh an comóradh ag tarraingt ar an Stáisiún. De ghnáth bhíodh melodeon leis an chuideachta agus is iomaí port breá a seinneadh ar an aistear bhrónach sin agus ar phlatform an stáisiúin.

Sa deireadh chualas fead na traenach thiar in Ailt Mhín na Scamhail agus seo chuca an "mhuc dhubh" a bhí ag dul a scaradh athair ó mhac agus máthair ó iníon. Bhí an teaghlach fáiscthe ina chéile ar ais, ach mar dúirt an fear fadó, "time or tide waits for no man", agus b'éigean dóibh scaradh don uair deireanach. Is iomaí athair agus máthair a fuair an t-amharc dheireanach ar an tsaol seo a nduine clainne ag dul soir an Coillín Darrach, crochta amach ar fhuinneog carráiste ag croitheadh haincearsan bán agus is iomaí imirceoir a fuair an t-amharc deireanach ar a muintir ina seasamh ar phlatform stáisiún Chroichlí mar bhéadh deilbh ann. Dá mbeadh cead cainte ag Cloch Mhór Léim an tSionnaigh ba iomaí scéal truacánta a bheadh le h-innse aici.




*Stáisiún Traenach Ghaoth Dobhair.*

# Inis Meáin

Le EILEEN DANNY

Tá Inis Meáin suite idir Inis Oirthear agus Gabhla, amach ó chosta Ghaoth Dobhair. Níl 'nduine ina chónaí ar an oileán seo faoi láthair, ach sa tsamhradh téann corr iascaire isteach agus fanann siad istigh an chuid is mo de shéasúr na mbradán agus na ngliomach. Caitheann Dónall Dubh am mór istigh.

Is in am na Gorta a thosaigh daoine a ghabháil go hInis Meáin. San am sin bhí siad ag brath go mór ar an iascaireacht agus ar bhia trá 'choinne maireachtáil. Ba i dtús na h-aoise seo a chuaigh daoine a chónaí ar an oileán agus bhí seacht dteaghlach déag ann uair amháin. B'iad na Dálaigh an dream a ba choitianta. B'é an máistir 'ac Aoidh as Cill Mhic Neanáin an chéad mháistir scoile a chuaigh go h-Inis Meáin. Ní raibh siopa ar bith ar an Oileán ach rachadh Micí 'n Chóp agus Hughie Joe isteach dara achan tseachtain, spréadh siad a gcuid earraí thart ar an chéidh, thigeadh muintir an oileáin anuas agus phiocadh siad amach cibé caidé bhí a dhíth orthu. Chaitheadh muintir an oileáin stór maith a bheith istigh acu i rith an gheimhridh ar eagla go mbeadh an aimsir ró-olc agus nach mbeadh na bádaí ábalta a ghabháil isteach.

B'é an caitheamh aimsire a ba choitianta a bhí acu nó an t-airneál, chomh maith le h-imirt cártaí agus ag imirt báil, agus bhíodh na mná ag cniotáil. I dtús na h-aoise bheadh damhsaí acu go minic agus thigeadh fidléirí as Inis Oirthir. Nuair a thosaigh níos mó damhsaí 'bheith sna hallaí ar an tír mór, thosaigh an t-aos óg ag teacht amach acu.

Thigeadh an chuid is mó de na daoine amach go tír mór ag an Aifreann Dé Domhnaigh dá mbeadh an aimsir fóirstineach. Dá mbeadh an fharraige ró-gharbh, deirtí paidrín ag an Ghrotó. Rachadh sagart chun an oileáin ceithre h-uaire sa bhliain.

D'fhág an chéad teaghlach an t-oileán i 1956 agus ina dhiaidh sin d'fhág siad teaghlach ar theaghlach. Sílim gur an rud is mó a thug amach iad nó nach raibh an t-aos óg sásta fanacht ar an oileán mar gur shíl siad go raibh níos mó spóirt ar an tír mór. Ba é Johnny Mhicí an duine deireanach a d'fhág Inis Meáin.

Tá mór-chuid na dteaghlach 'na gcónaí ar an Luinnigh anois.



*An tÚdar Eileen Danny, lena hathair Danny an Oileáin agus a máthair.*



*Scoil Inis Meáin agus teach Dhónaill Duibh.*



*Teach tréigthe in Inis Meáin.*



*Seanasal atá fágtha ar an oileán.*

# Paidí Mhíchil Airt

Le NOEL Ó GALLCHÓIR

Rugadh Pat O'Donnell (Pádraig Mhíchil Airt) i Mín a' Chladaigh ar an 12ú Lúnasa, 1838. D'ımigh an teaghlach go Meiriceá sa bhliain 1844. Phill siad go hÉirinn sa bhliain 1852 nó 1853. Chuaigh Pádraig é fhéin arais go Meiriceá sa bhliain 1859. Phós sé cailín as Cloich Cheann Fhaola. D'éirigh go maith leis agus bhí teach leanna aige ar theorainn Cheanada. Phill sé go hÉirinn sa bhliain 1879. Ní raibh a bhean chéile leis mar nár éirigh leis an phósadh. Ní raibh an tsláinte ró-mhaith aige ach an oiread agus chaith sé seal in ospidéal in Albain, sula dtáinig sé go Gaoth Dobhair, áit ar chaith sé cúpla mí lena dhearth※ir i nDoirí Beaga (Nollaig 1880-Feabhra 1881). Chuaigh sé go Meiriceá arís an bhliain sin agus phill sé i mí Bhealtaine 1883. Bhí sé i gcónaí ag caint faoi ghabháil go dtí an Afraic Theas ar mhaithe lena shláinte agus ba sin an rud a rinne sé go luath ina dhiaidh sin. Ba bheag a shíl sé go gcuirfeadh an turas sin deireadh lena fhonn siúlóide agus leis an tsaol luadrannach a bhí á chaitheamh aige.

Ar an 6ú lá de mhí na Bealtaine 1882, ceapadh Lord Frederick Cavendish mar Ard-Rúnaí ar Éirinn. Bhí pobal na tíre breá sásta leis an cheapúchán seo. Bhí deireadh anois le ré fhoréigin Forster, an tArd-Rúnaí deireanach a d'éirigh as a phost nuair a shínigh Gladstone agus Parnell Conradh Chill Maighneáin, inár gheall Gladstone deireadh a chur le comhéigean agus leasaithe talaimh a chur i gcrích ar choinníoll go gcuirfeadh Parnell deireadh le Cogadh na Talún. An tráthnóna sin maraíodh Cavendish agus T.H. Burke, an Fo-Rúnaí Seasta (a bhí ina Fho-Rúnaí faoi Forster agus a raibh fuath air ar fud an tíre), nuair a d'ionsaigh ceathrar fear iad i bPáirc an Fhíonuisce. Cháin achan duine an gníomh fealltach mar gur bagairt ar shíochán na tíre a bhí ann. Cé gur thairg an Rialtas £10,000 ar eolas a fháil faoin ghníomh, ní bhfuarthas greim ar na dunmharfóirí. Ocht mí ina dhiaidh sin, ghabh an Rialtas chloigeann déag, baill de Chumann Rúnda na "Invincibles", a raibh sé mar chuspóir acu oifigí Rialtas Shasana in Éiriun a mharú. Is beag fianaise a bhí ina n-eadán, ach ansin sceith James Carey, duine den chloigeann déag ar a chomrádaithe. Glactar leis gur imir Mallon, captaen na bpéas sa phríosún, cleas air—gur lig sé air féin go raibh sé ag ceistiú príosúnach eile de chuid na hInvincibles sa chillín in aice Charey agus go raibh sé ag tabhairt £100 agus pasáid to tír choimhthíoch dó ar son na fianaise. Nuair a chuala Carey an monamar seo, scanraigh sé agus thoiligh sé féin an t-eolas iomlán a thabhairt faoin dúnmharú.

"Caithfidh mé mé féin a shábháil. Nach mise an chéad duine a d'fhág an pháirc an tráthnóna udaí—agus sin sula raibh dochar ar bith déanta".
("An Fealltóir" - Eoghan Mac Giolla Bhríde).

Rinne fianaise Charey an difríocht uilig. Crochadh cúigear acu i mí Bhealtaine 1883, Ó Bradaigh, Ó Ceallaigh, Mac Eamharcaigh, Fagan agus Curley, gearradh tréimhsí fada príosúntachta ar ochtar eile, agus ligeadh Carey saor. Cé gur cháin pobal iomlán na tíre an dúnmharú, ba mhór a ghoill gníomh fabhtach Charey agus bás na bhfear orthu.

Coinníodh Carey i bpríosún tamall ar mhaithe leis fhéin sular cuireadh é féin, a bhean agus a seachtar páistí ar bord loinge "An Kinfauns Castle" a bhí ag gabháil go dtí an Afraic Theas. D'aistrigh siad go long eile, "An Melrose", a bhí ag gabháil go Natal, nuair a shroich siad Port Elizabeth. Bhí Pádraig Ó Donaill ar an long chéanna sin. Mharaigh Ó Donaill Carey ar an 29ú Iúil 1883.


Is beag a shíl Carey nó Rialtas Shasana go gcasfaí Éireannach eile air sa Natal. Ní cursaí polaitiúla a spreag Ó Dónaill leis an choir a dhéanamh. Fuair sé aithne ar fhear dárbh ainm James Power ar an bhád agus shocair siad dhul i mbun gnó lena chéile ag beathú caorach sa Veldt i Natal. Thaispeáin Thomas Cubitt pictiúr don Dálach—pictiúr dá chara James Power, dar le Pádraig, go dtí gur hinseadh dó gur James Carey a bhí ann. D'éirigh achrann idir an bheirt nuair a thug Pádraig le fios do Charey nach raibh sé ag dul i mbun gnó leis. Bhí barúil mhaith ag Carey go raibh fhios ag an Dálach anois cé hé féin agus bhí fhios aige fosta go raibh gunna a iompar aige. Nuair a chuir Carey ceist air fán ghunna agus nuair a luaigh sé gur scanraigh an Dálach daoine leis cúpla lá roimhe sin, dúirt Ó Dónaill:

"Níor scanraigh mé aon duine ach an té a raibh údar scanraithe aige."

Mharaigh Ó Dónaill Carey agus é a chosaint féin.


Cúisíodh Ó Dónaill as dúnmharú agus daoradh 'un báis é ar an 2ú lá de mhí na Nollag 1883. Ainneoin gur chosain dlíodóirí mór le rá é, fuarthas ciontach é agus crochadh é i bpríosún Newgate ar an 17ú lá de mhí na Nollag 1883.

Bhí a dheartháir Dónall ansin ag a bhás. Ar an 19ú Eanair 1884, tugadh cónair gan corp go Machaire Gathlán i gcuimhne an Dálaigh. Tógadh leacht dó i Reilig Ghlas Naíon agus i bpáirc an aonaigh i nDoirí Beaga, "de thairbhe a dhílseacht d'Éirinn". Nocht Cumann Staire agus Seanchais Ghaoth Dobhair leacht dó i Mín a' Chladaigh in 1983.



*Noel Ó Gallchóir—Noel Johnny Sheáin, múinteoir iar-bhunscoile é atá ag múineadh i bPobalscoil Ghaoth Dobhair.*

SUPPLEMENT GIVEN AWAY WITH THE WEEKLY FREEMAN OF SEPTEMBER 15TH, 1883. PRICE THREE HALF-PENCE.




PORTRAITS OF O'DONNELL AND CAREY, FROM PHOTOGRAPHS TAKEN AT PORT ELIZABETH.

*(Supplement given away with the weekly*

*Freeman of Sept. 15th, 1883.)*



TORAIGH
AN BAILE THIAR
INIS BÓ FINNE
CNOC FOLA
INIS OIRTHIR
INIS MEÁIN
GAOTH DOBHAIR
GABHLA
GORT AN CHOIRCE
AN FÁL CARRACH
DOIRE BEAGA
AN BUNBEAG
LOCH ALTÁIN
UAIGH
ÁRAINN MHÓR
RANN NA FEIRSTE
CROICHSHLÍ
CEANN CASLACH
ANAGAIRE
AN EARGAL
LOCH NA CUINGE
LOCH AN IÚIR
MÍN BEANNAID
AILT AN CHORRÁIN
NA ROSA
AN CLOCHÁN LIATH
AN MHACHAIRE
LEITIR

LUACH £2.00